



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

General Certificate of Secondary Education
2013–2014

Eolaíocht Teastas Dúailte: Fisic

Aonad P1

Ardsraith

[GSD32]



DÉ CÉADAOIN 26 FEABHRA 2014, MAIDIN

AM

1 uair a chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figíúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist. Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna 1(a) agus 6(c).

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	

Marc
iomlán

- 1 (a) Tugtar roinnt réada cruach duit. Cuir síos ar thurgnamh a dhéanfá le dlús cruach a aimsiú.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
	



© Les Cunliffe/iStock/Thinkstock

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra,

- an fearas a mbaintear úsáid as,
 - na léamha a thógann tú,
 - an dóigh a mbaintear úsáid as na léamha.


Sa cheist seo measúnófar thú ar na scileanna scríofa cumarsáide agat ar a n-áirítear úsáid saintearmaí eolaíocha.

[6]

- (b) Ba mhaith le dalta dlús leachta a aimsiú. Bain úsáid as an fhaisnéis thíos le dlús an leachta a aimsiú ina g/cm^3 .

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc


Mais an choimeádáin + leacht = 1540 g	
Mais an choimeádáin	= 1000 g



Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

Dlús = _____ g/cm^3 [3]

- 2 Imscrúdaíonn dalta an dóigh a mbraitheann síneadh lingeán bíseach ar an mheáchan a chrochtar air.



Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

An chothromóid a nascann an síneadh, e , agus an meáchan, W , tá sí á tabhairt ag:


$$e = kW$$

Taispeánann an tábla roinnt torthaí ón imscrúdú.

W ina N	0.5	1.0	1.5	2.0	2.5
e ina cm	2	4	6	8	10

Larrtar ort graf a bhreacadh de e in aghaidh W .

- (i) Roghnaigh scála cuí do W agus lipéadaigh an ais chothrománach. [2]



Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

(ii) Breac na pointí ar an ghraf agus tarraing líne an oiriúnaithe is fearn. [3]

(iii) Faigh grádán do ghraif agus luaigh a aonad.

Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

Grádán = _____ [3]

Aonad = _____ [1]

Is é 7 cm fad bunaidh an lingeáin a thaispeántar thall.

(iv) Bain úsáid as do ghraf leis an ualach a aimsiú atá de dhíth leis an lingeán a shíneadh go dtí a fhad iomlán de 12cm.


Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

Ualach = _____ N [2]

- 3 Caitheadh liathróid chruach síos ó airde os cionn dhromchla na Gealaí.

Taispeánann an graf cuid de ghluaisne na liathróide cruach.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>



Bain úsáid as an ghráf leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

- (a) (i) Cad é treolus tosaigh na liathróide?

_____ m/s [1]

- (ii) Cuir síos ar ghluaisne na liathróide cruach idir amanna $t = 0\text{ s}$ agus $t = 4\text{ s}$.

_____ [1]

(b) Ríomh luasghéarú na liathróide cruach.

Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

$$\text{Luasghéarú} = \underline{\hspace{2cm}} \text{ m/s}^2 [3]$$

(c) Cá fhad a thit an liathróid chruach idir amanna $t = 0\text{s}$ agus $t = 4\text{s}$?

Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

$$\text{Fad} = \underline{\hspace{2cm}} \text{ m} [4]$$

4 Tá leathré 46 lá ag iseatóp d'iarann.

(a) (i) Mínigh cad é a chialláíonn leathré 46 lá.

[2]

Tá gníomhaíocht 512 díscaoileadh sa tsoicind ag sampla den iseatóp seo.

(ii) Cad é an fad ama a chaithfidh imeacht sula dtiteann a ghníomhaíocht go dtí 32 díscaoileadh sa tsoicind?

Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

Am = _____ lá [3]

Astaíonn foinse radaighníomhaíochta na trí chineál radaíochta uilig: alfa, béite agus gáma.

(b) (i) Cé acu radaíocht(aí) a rachaidh trí 3 cm de luaidhe?

[1]

(ii) Cé acu radaíocht(aí) a rachaidh trí phíosa tiubh cairtchláir?

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc
	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>


- 5 (a) Scríobh, i bhfocail, Prionsabal na Móimintí.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc


[3]

Bhí ar Sheán meáchan a cháis a fháil amach roimh dhul ar saoire dó.

Chothromaidh sé planc aonfhoirmeach adhmaid mar a thaispeántar sa léaráid thíos.



Ansin, chuir sé meáchan 300 N ar thaobh na láimhe clé den phlanc agus a chás ar an taobh eile.



Choigearaigh Seán suíomh an mheáchain 300 N agus suíomh an cháis go dtí go raibh an planc i gcothromaíocht arís.

- (b) Ríomh meáchan an cháis.

Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

$$\text{Meáchan} = \underline{\hspace{2cm}} \text{ N } [4]$$

- 6 (a) Mínigh, i dtéarmaí maisuimhreach agus uimhir adamhach, cad é a chiallaíonn an focal iseatóp.


[2]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc
	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

Díscaoileadh núicléach d'iseatóp potaisiam trí bhéite-mheath is ábhar don chuid seo den cheist.

- (b) Tarlaíonn béite-mheath do photaisiam, K, go cailciam, Ca.

Comhlánaigh cothromóid chothromaithe núicléach don imoibriú seo.



[4]

- (c) Sna stáisiúin chumhachta núicléacha, thig le neodróin ionsaitheacha tabhairt ar núicléis díscaoileadh a dhéanamh.

Cuir síos ar an phróiseas seo.

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:


- ainm an phróisis,
 - sonraí an phróisis,
 - toradh an phróisis.

Sa cheist seo measúnófar thú ar na scileanna scríofa cumarsáide agat ar a n-áirítear úsáid saintearmaí eolaíocha.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 7 Scaoiltear bréagán cairr dar mais 1.2 kg ó fhos ag pointe A, sula ndéanann sé an lúb a lúbadh.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



- (i) Ríomh an **difríocht** i bhfuinneamh poitéinsiúil an bhréagáin chairr ag pointí A agus B.

Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

$$\text{Difríocht i bhfuinneamh poitéinsiúil} = \underline{\hspace{2cm}} \text{ J} [4]$$

- (ii) Ríomh treolusas an bhréagáin chairr ag pointe C, más é 3.75 J an fuinneamh cinéiteach aige ag C.

Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

$$\text{Treolusas} = \underline{\hspace{2cm}} \text{ m/s} [4]$$

- 8 Luasghéaraíonn carr rásáiochta dar mais 2500 kg ó fhos ar an ghreille thosaithe. Cuireann an t-inneall fórsa 1.5×10^4 N i bhfeidhm.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



© Gustoimages/Science Photo Library

- (a) Ríomh luasghéarú an chairr rásáiochta.

Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

$$\text{Luasghéarú} = \underline{\hspace{2cm}} \text{ m/s}^2 [3]$$

- (b) Luasghéaraíonn an carr rásáiochta ar feadh 10 s agus téann sé fad slí 300 m.

Ríomh an obair atá déanta ag inneall an chairr rásáiochta.

Tabhair do fhreagra ina mheigigiúil.

Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

$$\text{Obair atá déanta} = \underline{\hspace{2cm}} \text{ MJ [4]}$$

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.